

Inniu beidh muid ag foghlaim cúig fhíric iontacha faoin mbia-eangach.

Fíric a hAon

Is éard atá i gceist le bia-eangach na biashlabhraí ar fad idirnasctha in éiceachóras. Is éiceachóras é gach ní beo atá páirteach i mbiashlabhraí difriúla. Is cosán amháin é gach biashlabhra a d'fhéadfadh fuinneamh agus cothaithe a úsáid nuair atá sé ag gluaiseacht tríd an éiceachóras. D'fhéadfadh biashlabhraí a bheith fada nó gearr ach is tacar céimeanna a bhíonn iontu i gcónaí agus ní bhíonn aon fhorluí le tabhairt faoi deara.

Fíric a Dó

Tá orgánaigh i mbia-eangacha grúpáilte i gcatagóirí ar a dtugtar leibhéil thrófacha. Tá trí leibhéal thrófacha ann: táirgeoirí, tomhaltóirí agus dianscaoilteoirí. Is leis an gcéad leibhéal trófach a bhaineann táirgeoirí. Déanann táirgeoirí, nó uatrófaigh, a gcuid bia féin agus ní bhraitheann siad ar aon orgánach eile do chothú. Úsáideann formhór na n-uatrófach próiseas ar a dtugtar fótaisintéis chun a mbia a dhéanamh. Is samplaí de tháirgeoirí iad plandaí, baictéir agus fungais. Is leis an dara leibhéal trófach a bhaineann tomhaltóirí. Ní féidir leo a mbia féin a dhéanamh. Itheann orgánaigh ag an leibhéal seo plandaí nó ainmhithe eile nó itheann orgánaigh eile plandaí agus ainmhithe. Is leis an leibhéal trófach deiridh a bhaineann drámhóirí. Is orgánaigh iad drámhóirí a itheann plandaí neamhbheo agus conablaigh ainmhithe.

Fíric a Trí

Roinntear tomhaltóirí i gceithre ghrúpa: uiliteoirí, luibhiteoirí, scroblachóirí agus feoiliteoirí. Is ainmhí é feoiliteoir a itheann plandaí agus ainmhithe. Is feoiliteoirí iad formhór na ndaoine, seachas veigeatóirí agus veigeáin. Itheann daoine plandaí, cosúil le torthaí agus glasraí, agus itheann siad ainmhithe agus táirgí ainmhí freisin, cosúil le feoil agus bainne. Is uiliteoirí iad roinnt ainmhithe freisin. Itheann béir caora agus iasc cosúil le bradán mar shampla. Is ainmhí nach n-itheann ach plandaí, alga agus táirgeoirí eile é luibhiteoir. Ní itheann luibhiteoirí feoil. Is luibhiteoirí iad fianna, caoirigh agus gabhair mar shampla. Is ainmhí é scroblachóir a itheann ainmhithe cailte, bultúir agus cadhóití mar shampla. Is ainmhí é feoiliteoir nach n-itheann ach ainmhithe eile agus ní itheann sé plandaí, leoin agus siorcanna mar shampla.

Fíric a Ceathair

Mar uiliteoirí, tá muid féin mar chuid den bhia-eangach. De bhrí go n-itheann muid plandaí agus ainmhithe, is tomhaltóirí tosaigh agus tánaisteacha muid. De bhrí go n-itheann muid torthaí agus glasraí is tomhaltóirí tosaigh muid agus de bhrí go n-itheann muid sicín agus bagún is tomhaltóirí tánaisteacha muid. Deirtear go bhfuil daoine ag barr an bhiashlabhra. Ní chiallaíonn sé sin nach n-íosfaidh aon rud muid ach ciallaíonn sé nach bhfuil baol mór ann go n-íosfaidh orgánaigh eile muid.



Fíric a Cúig

Tá ceithre chineál dianscaoilteora ann, Athraíonn dianscaoilteoirí dramhaíl orgánach, cosúil le plandaí atá ag lobhadh, go dtí ábhair neamhorgánacha, cosúil le hithir ilchothaitheach. Cuireann siad timthriall na beatha i gcrích trí chothaithigh a thabhairt ar ais don ithir ionas go mbeidh táirgeoirí in ann iad a úsáid. Seo a leanas na ceithre chineál dianscaoilteoirí - fungais, feithidí, péist talún agus baictéir.

Tá súil agam gur bhain sibh taitneamh as an gcúig fhíric iontacha sin faoi sheangáin, feicfidh mé arís sibh!

